**CINNEADH (CBES) 2023/1024 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 16 Bealtaine 2023**

**lena gceaptar Ceann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (EUAM Ukraine/1/2023)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/486/CBES ón gComhairle an 22 Iúil 2014 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7 de Chinneadh 2014/486/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 20 Bealtaine 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/813 ([2]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM Ukraine go dtí an 31 Bealtaine 2024.

(3) An 10 Bealtaine 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/744 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Antti HARTIKAINEN mar Cheann Misin go dtí an 31 Bealtaine 2023.

(4) An 24 Aibreán 2023, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gceapfaí Rolf Michael Hay Pereira HOLMBOE mar Cheann Misin EUAM Ukraine,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Rolf Michael Hay Pereira HOLMBOE mar Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) ón 12 Meitheamh 2023 go dtí an 31 Bealtaine 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in sa Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*

---

([1]) IO L 217, 23.7.2014, lch. 42.
([2]) Cinneadh (CBES) 2021/813 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena leasaítear Cinneadh 2014/486/CBES maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (IO L 180, 21.5.2021, lch. 149).
([3]) Cinneadh (CBES) 2022/744 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 10 Bealtaine 2022 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh le haghaidh Athchóiriú na hEarnála Sibhialtaí Slándála san Úcráin (EUAM Ukraine) (EUAM UKRAINE/1/2022) (IO L 137, 16.5.2022, lch. 82).